



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Leanúnachas scolaíochta: Ag tacú le daltaí atá in an- ardriosca ag COVID-19

1. Réamhrá

Tá an treoir seo á sholáthar chun tacú le scoileanna soláthar oideachais oiriúnaithe a chur ar fáil do dhaltaí nach féidir leo filleadh ar scoil mar go ndeimhnítear iad a bheith in an-ardriosca sláinte ag COVID-19. Is cóir an treoir a léamh i dteannta le [Ag Filleadh ar an Scoil: Treoir Churaclaim do Cheannairí agus do Mhúinteoirí Bunscoile](#) a d'fhoilsigh an Roinn i mí Iúil 2020.

Is é cuspóir an tsoláthair oideachais oiriúnaithe seo ná a dheimhniú gur féidir le daltaí a bhfuil teastas dochtúra acu a thugann le fios go bhfuil siad in an-ardriosca ag COVID-19, teagmháil bhríoch a choinneáil lena rang agus lena scoil chun leanúint ar aghaidh go rathúil lena bhfoghlaim ón mbaile. Dá réir sin, is cóir daltaí sa chatagóir seo atá gafa leis an bhfoghlaim ón mbaile a mharcáil i láthair ar na taifid tinrimh.

Ní mór a thabhairt faoi deara go mbíonn riocht míochaine bunúsach ag daltaí atá in an-ardriosca agus go mbaineann na socrúithe leagtha amach sa treoir seo leo siúd amháin. Táthar ag súil go bhfillfidh gach dalta eile ar scoil.

Ní bhaineann na socrúithe do sholáthar oideachais oiriúnaithe a leagtar amach sa doiciméad seo le daltaí atá i mbaol na luathfhágála ón scoil, leo siúd a bhfuil imní COVID-ábhartha orthu maidir le filleadh ar scoil ná leo siúd a bhfuil iarrtha ag dochtúir leighis nó ag Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS) orthu iad féin a fhéin-aonrú. Tá tuilleadh eolais maidir leis na daltaí sin ar fáil i gcuid 4.

Cé go gcuirfean an treoir seo i bhfeidhm ó thús an chéad téarma den scoilbhliain nua, tá sé i gceist go ndéanfar í a athbhreithniú roimh lár mhí Dheireadh Fómhair agus go ndéanfar í a uasdátú chun aon athruithe is gá a chur san áireamh.

2. Ag tacú le foghlaim oiriúnaithe do dhaltaí atá in an-ardriosca ag COVID-19

Beidh sé tábhachtach go gcinntíonn scoileanna go bhfanann daltaí atá in an-ardriosca ag COVID-19 i dteagmháil lena scoil féin agus lena gcomhscoláirí agus go leanann a gcuid foghlama, a mhéid is féidir, de réir an churaclaim agus ar bhealach a bheidh dlúth-ailínithe le foghlaim a gcomhscoláirí. Do dhaltaí le riachtanais bhreise, leanfar le tosaíocht a thabhairt don difreálú ina bhfoghlaim. Baineann an fhreagracht maidir lena dheimhniú go mbíonn tacaíocht chuí ar fáil do dhaltaí atá in an-ardriosca ag COVID-19 leis an scoil ina bhfuil siad cláraithe. Tá cur síos thíos ar roinnt roghanna chun an tacaíocht seo a éascú.

2.1 Roghanna chun soláthar oideachais oiriúnaithe a éascú do dhaltaí atá in an-ardriosca ag COVID-19

Is féidir le scoileanna aon cheann nó teaghlaim de na roghanna seo a leanas a úsáid chun soláthar oideachais oiriúnaithe a éascú do dhaltaí atá in an-ardriosca ag COVID-19. Tá samplaí chun tacú le múinteoirí maidir leis seo ar fáil in [Aguisín 1](#).

- **Múinteoir ainmnithe atá in an-ardriosca ag COVID-19:** I gcásanna áirithe d'fhéadfadh múinteoirí ón scoil nó ó scoil eile, a meastar iad a bheith in an-ardriosca ag COVID-19 ach atá ar fáil le hobair ón mbaile, tacú le daltaí. Cuirfidh na hIonad Oideachais Áitiúla liosta le chéile de na scoileanna sa cheantar a bhfuil múinteoirí acu sa chatagóir seo. Is féidir le scoileanna a bhfuil daltaí acu atá in an-ardriosca ag COVID-19 teagmháil a dhéanamh leis an ionad oideachais áitiúil agus cuirfidh an t-ionad an múinteoir atá ag obair ón mbaile i dteagmháil le scoil na ndaltaí ar mhaithe le tacú le foghlaim na ndaltaí ón mbaile.

De rogha air sin, is féidir le scoileanna a mbraislí áitiúla féin a eagrú taobh amuigh de struchtúr na n-ionad oideachais chun daltaí agus múinteoirí sna catagóirí seo a mheaitseáil lena chéile. I gcásanna ar leith, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar bhraislí de mhúinteoirí ionaid a cuireadh le chéile chun laethanta scaoilte na bpríomhoidí a chlúdú.

- **Múinteoir ainmnithe ó na hacmhainní tacaíochta atá cheana féin ag an scoil:** Tá lánrogha ag scoileanna na hacmhainní tacaíochta atá acu faoi láthair a bhainistiú agus a athdháileadh chun freastal ar riachtanais foghlama na ndaltaí atá in an-ardriosca ag COVID-19. Mar shampla, is féidir múinteoirí oideachais speisialta (MOS) a ainmniú chun soláthar oideachais oiriúnaithe a chur ar fáil do dhaltaí sa chatagóir seo, go háirithe na daltaí sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu.

- **Tacaíocht ón múinteoir ranga:** D'fhéadfadh múinteoirí ranga áirithe cinneadh a dhéanamh go mb'fhéidir gurb é/í féin is fearr a shásódh na praiticiúlachtaí a bhaineann le soláthar oideachais oiriúnaithe, mar gur féidir leis/léi tacaíocht a sholáthar i bhfoirm acmhainní agus ionchuir teagaisc don dalta ar bhealach atá aillníthe le teagasc agus foghlaim an tseomra ranga. Ba chóir na cinntí seo a dhéanamh go háitiúil i gcomhairle leis an gceannaireacht scoile.

2.2 Ról agus freagrachtaí scoileanna, múinteoirí, Ionaid Oideachais, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (an SFGM) agus tuismitheoirí/caomhnóirí sa soláthar oideachais oiriúnaithe

- **Ceannairí scoile:** Agus iad ag ullmhú d'oideachas leanúnach daltaí atá in an-ardriosca ag COVID-19, beidh ar scoileanna a fhios a bheith acu cé hiad na daltaí sin. Tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/caomhnóirí comhairle leighis a éileamh agus deimhniú a fháil a thugann le fios an bhfuil a leanbh in an-ardriosca ag COVID-19 agus an scoil a chur ar an eolas faoi seo. Nuair a fhaightear é seo, eagróidh an scoil an tacaíocht is oiriúnaí do na daltaí sin.

Ba chóir don scoil a dheimhniú go mbíonn fáil ag na daltaí seo ar theicneolaíocht dhigiteach ábhartha agus ar acmhainní eile de réir mar is cuí. D'fhéadfadh go mbeidh ar an scoil gléasanna a chur ar fáil don dalta fad a bhíonn sé/sí ag foghlaim ón mbaile, gléasanna ar féidir leis an scoil a cheannach ó dheontas TFC na Roinne a eisíodh i mí Aibreáin 2020, de réir ciorcláin 0031/2020. Beifear ag súil le cumarsáid agus comhoibriú go leanúnach sa dá threo idir an scoil agus an baile, lena n-áirítear ionchais shoiléire faoin leibhéal tacaíochta a bhfuiltear ag súil leis ó thuismitheoirí/caomhnóirí agus na tacaíochtaí a chuirfidh an scoil ar fáil chun foghlaim leanúnach a éascú do na daltaí seo. Is cóir ardán ar líne a chomhaontú chun cumarsáid a éascú ag tús na bliana, agus is cóir tosaíocht a thabhairt d'aon fhorbairt atá de dhíth ar scileanna digiteacha an dalta nó an mhúinteora.

- **Múinteoirí ranga:** Tá ról tábhachtach ag an múinteoir ranga lena chinntiú go bhfuil riachtanais na ndaltaí atá in an-ard riosca ag COVID-19 á sásamh mar is iomchuí. Is féidir é seo a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ainmnithe ábhartha agus cumarsáid rialta a dhéanamh leis an múinteoir seo faoi na pleananna gearrthéarmacha/ seachtainiúla, nó trí ionchur teagaisc agus ábhair foghlama a thabhairt don dalta go díreach. D'fhonn mothú teagmhála a staonadh, ba chóir don mhúinteoir ranga deiseanna idirghníomhaíochta rialta/seachtainiúla a chothú don dalta lena p(h)iaráí, trí fhíscomhdháil ar an idirlíon agus/nó ghníomhaíochtaí foghlama comhoibrítheacha mar thionscadail, agus obair i ngrúpaí agus i mbeirteanna ar féidir a dhéanamh ar líne. Ba chóir don mhúinteoir ranga agus/nó don mhúinteoir ainmnithe aiseolas a thabhairt ar an obair a

chuireann an dalta i gcrích ag baile mar a aontaíodh go háitiúil agus de réir na bprionsabal a leagadh amach i gcuid 2.3.

- **Múinteoirí ainmnithe:** I gcásanna ina mbíonn freagracht ag múinteoir ainmnithe ar an teagasc do dhaltaí atá in an-ardriosca ag COVID-19, is cóir don mhúinteoir ainmnithe a bheith i dteagmháil go minic leis an múinteoir ranga agus is cóir dó/di iarracht a dhéanamh ionchur teagaisc agus eispéiris foghlama a sholáthar don dalta atá ar aon dul a mhéid agus is féidir le rang an dalta. Is cóir don mhúinteoir ainmnithe a dheimhniú go gcuirtear an múinteoir ranga ar an eolas go minic faoi dhul chun cinn an dalta. Beidh gá le teagmháil laethúil, treoir agus tacaíocht ón múinteoir ainmnithe chun dul chun cinn a chothabháil sa bhfoghlaim.
- **Ionaid Oideachais:** Cuideoidh Ionaid Oideachais le scoileanna múinteoirí sa cheantar atá ar fáil, agus atá ag obair ón mbaile toisc iad a bheith in an-ardriosca ag COVID-19, a aithint agus iad a nascadh le daltaí atá in an-ardriosca ag COVID-19. Éascóidh na hIonaid Oideachais tacaíocht ón SFGM freisin, de réir mar is cuí, do na múinteoirí sin a bhfuil teagasc á sholáthar acu go cianda.

Is í scoil bhunaidh an mhúinteora ainmnithe a dhéanfaidh an socrú do bhraisle a mhaoirsiú. Maidir le scoileanna BOO, déanfaidh an BOO na socrúithe a bhainistiú.

- **An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM):** Beidh an SFGM ar fáil chun scoileanna agus múinteoirí a threorú chun tacú le daltaí ag baile. Is féidir le scoileanna iarratas a chur isteach ar thacaíocht shaincheaptha ó chomhairleoir ar féidir leis/léi cabhrú le ceisteanna ar leith mar a bhaineann le cleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe i gcomhthéacs na foghlama cumaisc. Is féidir le scoileanna iarratas a chur isteach ar an tacaíocht seo ag [pdst.ie/schoolsupport](https://www.pdst.ie/schoolsupport). Tá tacaíochtaí lena n-áirítear treoir agus samplaí de chur i bhfeidhm praiticiúil agus cás staidéir ar fáil ag [pdst.ie/blendedlearning](https://www.pdst.ie/blendedlearning)
- **Tuismitheoirí/caomhnóirí:** Chun teagmháil leis an scoil agus le piaráí an linbh a thacú, agus lena dheimhniú nach mbíonn an leanbh a bhíonn sa bhaile faoi ró-mhíbhuntáiste toisc go bhfuil sé/sí in an-ardriosca ag COVID-19, iarrtar ar thuismitheoirí teastas dochtúra a fháil a luaithe agus is féidir a thugann le fios go sonrach gur measadh go raibh a leanbh ag an-ardriosca ag COVID-19 agus go gcaithfidh sé/sí fanacht sa bhaile agus nach féidir leis/léi filleadh ar an scoil. Is cóir an t-eolas seo a thabhairt don scoil. Is cóir do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí obair i gcomhpháirt chun na hionchais don leibhéal tacaíochta atá de dhíth ó thuismitheoirí/caomhnóirí a dheimhniú, mar aon leis na tacaíochtaí a chuirfidh an scoil ar fáil chun tacú le thuismitheoirí sa ról seo a aontú chun leanúnachas foghlama do na daltaí seo a éascú. Beidh cruinnithe athbhreithnithe/seiceálacha

rialta le tuismitheoirí ríthábhachtach le fáil amach conas mar atá ag éirí leis na daltaí agus iad ag cianfhoghlaim.

2.3 Prionsabail an tsoláthair oideachais oiriúnaithe

Is cóir do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí a bhfuil baint acu le soláthar oideachais oiriúnaithe a dheimhniú go mbíonn na prionsabail seo a leanas chun tosaigh:

- **Mothú teagmhála a chothabháil:** Caithfear rannpháirtíocht le daltaí agus idir daltaí a éascú mar tá sé seo riachtanach dá n-eispéireas foghlama agus chun a bhforbairt shóisialta agus mhothúcháin a chothabháil. Is féidir le múinteoirí é seo a éascú trí idirghníomhaíocht ar líne, aiseolas a sholáthar ar obair a críochnaíodh, obair thionscadail a eagrú ar féidir le daltaí í a dhéanamh mar chuid de ghrúpa agus eispéiris foghlama a sholáthar bunaithe ar obair i mbeirteanna agus i ngrúpaí. Tacóidh sé seo le hidirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht na ndaltaí lena gcomhscoláirí ranga agus coimeádfaidh sé iad i dteagmháil le pobal na scoile. Beidh sé riachtanach freisin lena dheimhniú gur féidir leis an dalta meascadh athuair leis an rang nuair a bhíonn sé oiriúnach a leithéid sin a dhéanamh.
- **Ullmhú don soláthar oideachais oiriúnaithe:** Is cóir do na múinteoirí, na tuismitheoirí agus na daltaí ábhartha an t-ullmhúchán don soláthar oideachais oiriúnaithe i dtimpeallacht chianda a dhéanamh i gcomhpháirt le chéile. Tá seicliosta de cheisteanna samplacha chun an próiseas seo a threorú ar fáil in Aguisín 2. Is cóir do mhúinteoirí na straitéisí ullmhúcháin a bhíonn acu de ghnáth, lena n-áirítear cáipéisí pleanála gearrthéarmach, a úsáid lena dheimhniú go sásaítear riachtanais na ndaltaí seo trí mhodhanna teagaisc agus foghlama cuí.
- **Ionchur sonracha teagaisc a sholáthar go laethúil:** Tá sé ríthábhachtach go soláthraíonn múinteoirí ainmnithe ionchur sonracha teagaisc go laethúil do dhaltaí atá ag foghlaim ón mbaile lena chinntiú go leanfaidh siad orthu ag fáil teagasc ardchaighdeán ar aon dul lena bpiaraí. D'fhéadfadh gearrthóg físe/fuaime réamhtháifeadta de phointí sonracha teagaisc agus rochtain ar acmhainní eile chun tacú leis an bhfoghlaim a bheith mar chuid díobh seo. Beidh ionchuir laethúla tábhachtach ionas nach gcruthaíonn a gcúinsí ró-mhíbhuntáiste do dhaltaí.
- **Deiseanna foghlama bríocha a sholáthar:** Is cóir eispéiris foghlama taitneamhacha a sholáthar go laethúil agus is cóir deiseanna oiriúnacha d'idirghníomhaíochtaí idir na daltaí agus a múinteoir(i) agus a bpiaraí a eagrú go seachtainiúil ar a laghad. Is cóir deiseanna bríocha foghlama a sholáthar chun foghlaim na ndaltaí a chothú agus a fhorbairt trí thascanna foghlama neamhspleácha, deiseanna foghlama comhoibritheacha, obair thionscadail agus eispéiris foghlama tarraingteacha eile. Is cóir cothromaíocht a bheith idir na

tascanna foghlama teoraithe agus neamhspleácha ar fud an churaclaim. Is cóir na tascanna a roghnaítear a ailíniú go sonrach le riachtanais an dalta, lena n-áirítear riachtanais teanga agus riachtanais na ndaltaí le RSO, agus is cóir go gcuirfí ar chumas an mhúinteora/na múinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus aiseolas a sholáthar go rialta chun tacú leis na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim an dalta.

- **Deimhniú go ndéantar measúnú ar fhoghlaim agus measúnú don fhoghlaim go rialta** Is cóir go mbeadh deiseanna go minic ag daltaí le léiriú a thabhairt ar a ndul chun cinn ina bhfoghlaim agus is cóir go mbeadh fáil acu ar aiseolas tacúil, cuiditheach agus tráthúil ó mhúinteoir(í). Is cóir tuairimí a éileamh ó dhaltaí freisin le fáil amach conas mar atá ag éirí leis an soláthar oiriúnaithe do dhaltaí. Tá an cineál aiseolais seo sa dá bhealach riachtanach chun spreagadh, dul chun cinn sa bhfoghlaim agus folláine daltaí a chothabháil.
- **Soláthar cuí do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais:** Má bhíonn riachtanais bhreise foghlama aitheanta ag dalta agus tacaíocht á fháil aige/aici de réir an Leanúntas Tacaíochta, is cóir don mhúinteoir ranga comhoibriú leis an múinteoir oideachais speisialta (MOS) ábhartha chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais foghlama tosaíochta an dalta. Ina dhiaidh sin, is cóir don MOS pleanáil chun aon tacaíocht bhreise a sholáthar a bheadh ar fáil de ghnáth don dalta lena n-áirítear, mar shampla, tacaíocht do riachtanais iompraíochta, mhothúchánach agus shóisialta, agus tacaíocht don litearthacht, uimhearthacht, nó do Bhéarla mar theanga bhreise (BTB/EAL). Is cóir tosaíocht a thabhairt freisin don Fholláine agus do rialáil mothúchánach do leanaí le RSO. Is cóir Plean Oideachais Aonair (POA) nó plean tacaíochta a fhorbairt don dalta i gcomhpháirt leis an múinteoir ranga agus an dalta agus a t(h)uismitheoirí.

Beidh gá le teagmháil go leanúnach idir an múinteoir ranga, an múinteoir ainmnithe agus an MOS faoi ábhar curaclaim agus obair ranga, lena n-áirítear na haidhmeanna agus na straitéisí sa POA/plean tacaíochta a uasdátú. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh múinteoir oideachais speisialta atá sa chatagóir an-ardriosca agus atá ar fáil chun obair ón mbaile ag tacú le cianfhoghlaim na ndaltaí thar bhraisle de scoileanna.

- **Tacú le scileanna daltaí don chianfhoghlaim:** Caithfear tacú le cumas daltaí a bheith gafa leis an gcianfhoghlaim trína n-inniúlachtaí digiteacha, a scileanna féin-eagraíochta agus a gcumas dul i ngleic leis an bhfoghlaim lasmuigh de chomhthéacs an tseomra ranga a fhorbairt.
- **Comhionannas rochtana a dheimhniú:** B'fhéidir go mbeidh dúshláin bhreise ag roinnt daltaí agus iad ag foghlaim go cianda. D'fhéadfadh na dúshláin sin eascairt, mar shampla, ó easpa spáis cuí don fhoghlaim, ó chumas na dtuismitheoirí chun tacú leis an bhfoghlaim, ó mhíbhuntáiste socheacnamaíoch an linbh, nó ó

shocruithe cóiríochta lena n-áirítear daltaí gan dídean nó daltaí a bhfuil cónaí orthu i suíomh soláthair dhíreach. Tá treoir na Roinne chun tacú leis na daltaí sin, lena n-áirítear daltaí ón Lucht Siúil nó baill de na pobail Romach agus imirceach, ar fáil ag: <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/National-Emergencies-Public-Health-Issues/guidance-support-pupils-at-risk-primary.pdf>

B'fhéidir go mbeidh sé deacair ar theaghlaigh áirithe, ina measc iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, gléasanna digiteacha cuí a bheith acu. Ina leithéid de chásanna is cóir rochtain a bheith ag daltaí, de réir mar is gá, ar cheann de ghléasanna chomhroinnte, nuair a bhíonn fáil ar a leithéid sa scoil, chun tacú lena gcianfhoghlaim. B'fhéidir nach mbeidh nascacht leordhóthanach ag roinnt daltaí chun tacú leis an bhfoghlaim ar líne. Ina leithéid de chásanna, caithfear breathnú ar straitéisí eile ar nós an tseirbhís poist, glaonna teileafóin, ríomhphoist nó téacs a úsáid mar bhealach le cumarsáid a dhéanamh le daltaí. Beidh ar mhúinteoirí riachtanais aonair na ndaltaí a thuiscint, lena n-áirítear riachtanais na ndaltaí le RSO.

- **Cumarsáid idir na múinteoirí ábhartha agus an baile:** Beidh sé ríthábhachtach go mbíonn cumarsáid sa dá threo go luath agus go leanúnach idir scoil an dalta, an múinteoir ranga, an múinteoir ainmnithe más ábhartha, agus an baile chun tacú le rannpháirtíocht na ndaltaí leis an bhfoghlaim agus a gceangal go leanúnach lena gcomhscoláirí ranga agus le pobal na scoile. Má bhíonn comhordaitheoir Teagmháil Baile Scoile agus an Phobail (TBSP/HCSL) ag scoileanna, cuideoidh an comhordaitheoir TBSP leis an múinteoir ranga/múinteoir ainmnithe tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus iad ag tacú le foghlaim a linbh.

3. Breithnithe curaclaim breise do dhaltaí nach féidir leo freastal ar scoil

3.1 Na chéad tosaíochtaí curaclaim

Beidh ar mhúinteoirí a dheimhniú, ag tús na scoilbhliana nua, go mbíonn fáil ag daltaí atá ag foghlaim ón mbaile ar churaclam ina dtugtar tosaíocht dóibh seo a leanas: Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Corpoideachas, Teanga agus Matamaitic. Beidh OSPS agus Corpoideachas suntasach maidir le tacú le folláine na ndaltaí agus beidh Teanga agus Matamaitic lárnach chun tacú lena bhfoghlaim i gcoitinne.

3.2 Bí Sábháilte agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)

Is cóir tosaíocht a thabhairt do ghnéithe éigeantacha an chláir OSPS, lena n-áirítear Bí Sábháilte agus OCG, mar d'fhéadfadh nach raibh rochtain ag a lán daltaí ar na réimsí foghlama seo le linn tréimhse dúnta na scoileanna. Is cóir cuir chuige a chomhaontú, i gcomhairle le tuismitheoirí / caomhnóirí agus de réir pholasaí na scoile, do na réimsí seo chun plé le riachtanais daltaí nach féidir leo freastal ar scoil.

3.3 Oideolaíocht

Tacóidh úsáid cuir chuige traschuraclaim agus téamacha i leith na foghlama le daltaí atá sa bhaile taithí a fháil ar churaclam leathan a chuimsíonn Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) agus na hEalaíona. Beidh obair thionscadail ar théamaí sonracha traschuraclaim ríthábhachtach chun eispéiris foghlama gníomhaí a sholáthar a chuirfidh ar chumas daltaí an t-eolas agus na scileanna atá acu a léiriú agus a scileanna taighde a fhorbairt. I suíomh na naíonán, is cóir do mhúinteoirí comhairle a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí faoi úsáid deiseanna foghlama bunaithe ar shúgradh chun tacú le forbairt scileanna luathlitearthachta agus luath-uimhearthachta a leanaí, de réir na dtéamaí agus na n-ábhar atá pleanáilte don scoilbhliain. Beidh sé riachtanach cuir chuige difreáilte teagaisc a sholáthar mar aon le hábhair fhoghlama bunaithe ar riachtanais aitheanta na ndaltaí.

3.4 Daltaí níos óige

Is gá aird ar leith a dhíriú ar riachtanais daltaí i ranganna na naíonán agus sna ranganna sóisearacha mar b'fhéidir nach dtacaíonn cur chuige ar líne le nádúr praiticiúil, gníomhach a n-eispéireas foghlama sa seomra ranga. Beidh treoir shonrach agus cabhair de dhíth ar thuismitheoirí/caomhnóirí chun tacú le foghlaim a linbh sa bhaile. Beidh gá ag na leanáí óga seo, ach go háirithe, le:

- Pacáistí foghlama baile ina mbíonn raon ábhar chun tacú le forbairt ghafa agus spráúil na scileanna luathlitearthachta agus na luath-uimhearthachta a bhíonn ailínithe leis an gclár foghlama sa seomra ranga
- Deiseanna ar leith d'fhorbairt phraiticiúil, ghníomhach na luathlitearthachta agus na luath-uimhearthachta ar féidir iad a dhéanamh sa bhaile, agus iad de réir foghlaim a bpiaraí
- Deiseanna chun an timpeallacht baile a úsáid ar bhealach ina mbíonn taithí le fáil acu in ábhair ar nós OSIE agus na hEalaíona
- Deiseanna chun samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama a roinnt lena múinteoir(i) agus/nó le múinteoir ROS sannta agus lena bpiaraí.

Tá raon ábhar ar fáil ar láithreáin ghreasáin [SFGM](#), [CNOS](#), [COGG](#) agus [Scoilnet](#) chun tacú le foghlaim dhaoine óga sa bhaile.

4. Ag tacú le daltaí eile agus iad ag filleadh ar an scoil

Áirítear i measc na ndaltaí eile ar dócha go mbeidh gá acu le roinnt tacaíochta lena dheimhniú go bhfillfidh siad ar an scolaíocht ar an ngnáthbhealach:

- Daltaí atá i mbaol luathfhágála ón scoil
- Daltaí/tuismitheoirí a bhfuil imní COVID-ábhartha ag cur as dóibh ó thaobh leanbh a bheith ag filleadh ar scoil
- Daltaí a bhfuil iarrtha ag dochtúir leighis nó ag FSS orthu féin-aonrú.

Leanann an gnáth threoir maidir le taifid tinrimh do na daltaí seo agus dá bhrí sin ní cóir na daltaí seo a mharcaíl i láthair ach nuair a bhíonn siad ag freastal ar scoil.

4.1 Daltaí atá i mbaol na luathfhágála ón scoil

Is cóir don scoil tacú le daltaí atá i mbaol na luathfhágála filleadh ar scoil ar an ngnáthbhealach agus níl sé i gceist go gcuirfear oideachas orthu trí sholáthar oideachasais oiriúnaithe ón scoil. Iarrtar ar gach scoil iad siúd nár fhill ar scoil agus/nó atá i mbaol na luathfhágála a aithint.

Oibreoidh Seirbhís Tacaíochta Oideachais TUSLA (TESS) go córasach le scoileanna i mí Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair lena dheimhniú go bhfaighidh daltaí tacaíocht maidir lena bhfillleadh ar scoil agus a dtinreamh scoile. Tacóidh foireann TESS le pearsanra na scoile ábhair imní faoin tinreamh a leanúint, ag soláthar treorach agus ag treorú seirbhísí tacaíochta agus bealaí atreoraithe cuí.

Sa chás nár fhill daltaí ar scoil, in ainneoin iarrachtaí na scoile agus daoine eile, rachaidh Oifigigh Leasa Oideachais i dteagmháil leis na daltaí sin agus lena dtuismitheoirí agus déanfaidh siad iad a spreagadh agus a thacú le filleadh ar an scoil a éascú. Is é an bunphrionsabal i ngach cás ná a dheimhniú go ndéantar gach dalta a chur i dteagmháil athuair leis an oideachas.

4.2 Daltaí/tuismitheoirí eile atá imníoch maidir le filleadh ar an scoil

D'fhéadfadh imní a bheith ar roinnt daltaí nó a dtuismitheoirí faoin bhfillleadh ar scoil agus dá bhrí sin nach bhfillfidh a leanbh mar a bhí le tarlú. Táthar ag súil go dtacóidh gach scoil le daltaí dá leithéid filleadh go hiomlán ar scoil agus go gcuirfear tacaíochtaí ar fáil lena dheimhniú go mbainistítear an imní atá orthu ar bhealach a chuirfidh ar a gcumas a bheith gafa go rathúil lena bhfoghlaim.

Tá eolas agus acmhainní ar fáil ó sheimineár gréasáin agus sraith straitéisí [Filleadh ar an Scoil](#) na Seirbhísí Síceolaíochta Oideachais Náisiúnta (SNSO/NEPS) chun tacú le daltaí agus iad ag fillleadh ar an scoil. Mar aon leis sin, tá acmhainní ar inní forbartha ag an SNSO do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do dhaltaí.

Níl sé i gceist go gcuirfear oideachas trí sholáthar oideachais oiriúnaithe ar dhaltaí a bhfuil inní orthu bainteach le COVID-19.

Beidh tacaíochtaí breise aonair de dhíth ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais chasta acu, ionas mbeidh ar a gcumas fillleadh ar scoil go rathúil. Beidh na tacaíochtaí (RSO) a chuirtear ar fáil go hiondúil do na daltaí (RSO) atá ag an-ardriosca ag COVID-19 chun a riachtanais speisialta oideachais a shásamh ar fáil dóibh go fóill i gcomhthéacs an tsoláthair oideachais oiriúnaithe agus ar fhilleadh ar scoil dóibh araon.

4.3 Daltaí ar iarradh orthu féin-aonrú ar feadh tamaillín

Ó am go ham, b'fhéidir go mbeidh ar roinnt daltaí féin-aonrú ar feadh tamaillín bunaithe ar chomhairle mhíochaine. Ní sé i gceist go mbeidh oideachas trí sholáthar oideachais oiriúnaithe ar fáil do na daltaí seo le linn na tréimhse sin. Ina ionad sin, is cóir do scoileanna a dheimhniú, ar a laghad, go dtacaítear leis na daltaí seo teacht suas leis an bhfoghlaim nuair a fhilleann siad ar scoil. I gcásanna áirithe, má bhíonn soláthar oideachais oiriúnaithe á sholáthar cheana féin ag múinteoirí sa scoil do dhaltaí eile, b'fhéidir go mbeadh sé indéanta do dhaltaí atá ag féin-aonrú leas a bhaint as an soláthar oiriúnaithe sin. Is cóir do gach scoil an cinneadh seo a dhéanamh go háitiúil bunaithe ar riachtanais agus ar chúinsí a ndaltaí.

5. Acmhainní do mhúinteoirí atá ag tacú le foghlaim daltaí in an-ardriosca ag COVID-19

Eagraíocht	Láithreán Gréasáin	Feidhm na tacaíochta
<p>An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM/PDST)</p>	<p>https://www.pdst.ie/blendedlearning</p> <p>https://www.pdst.ie/DistanceLearning</p> <p>https://www.pdst.ie/DistanceLearning/DigTech</p> <p>www.pdsttechnologyineducation.ie</p> <p>https://teachercpd.ie/</p>	<p>Tá fáil ag múinteoirí ar shraith acmhainní sainearálach (bunscoil nó iar-bhunscoil) agus tús á chur acu leis an gcianfhoghlaim ina gcomhthéacsanna féin. Áirítear i measc na n-acmhainní seo treoir mar aon le samplaí de chur i bhfeidhm praiticiúil agus cás staidéir.</p> <p>Tá a lán acmhainní forbartha ag an SFGM chun tacú le scoileanna cianfhoghlaim a sholáthar dá ndaltaí</p> <p>Tá naisc bhreise ar fáil ón SFGM freisin, ina measc naisc le fiseáin dea-chleachtais ina bhfuil gníomhaíochtaí ar féidir iad a oiriúnú don teagasc ar líne, agus acmhainní ullmhúcháin don fhoghlaim dhigiteach.</p> <p>Infreastruchtúr scoile an SFGM: Is féidir le scoileanna teagmháil a dhéanamh le ictadvice@pdst.ie chun ceisteanna maidir lena n-infreastruchtúr a phlé nó ríomhphost a sheoladh chuig broadbandservicedesk@pdst.ie faoi cheisteanna leathanbhanda. Is féidir tuilleadh eolais faoin teicneolaíocht a fháil ar shuíomh greasáin ginearálta an SFGM (Teicneolaíocht san Oideachas).</p> <p>Tá raon gearrchúrsaí ar líne ar fáil ar TeacherCPD.ie ar féidir le múinteoirí iad a rochtain don uasoiliúint i réimse teagaisc,</p>

	<p>https://www.scoilnet.ie</p> <p>www.webwise.ie</p>	<p>foghlama agus measúnaithe na dteicneolaíochtaí digiteacha.</p> <p>Tá fáil ar <i>Scoilnet</i> ar bhunachar sonraí breis agus 20,000+ acmhainn ar líne lena n-áirítear láithreáin ghréasáin, tráthanna na gceist, pleananna ceachta, nótaí, gearrthóga físeáin/fuaimne, cluichí agus ilmheáin eile. Chun tacú tuilleadh leis an gcialfhoghlaim, is féidir Learning Paths a úsáid chun bailiúchán acmhainní atá le fáil ar <i>Scoilnet</i> a chruthú agus a eagrú.</p> <p>Is féidir treoir agus acmhainní a rochtain faoin gcialfhoghlaim ar <i>Webwise</i>, ar réimse ábhar lena n-áirítear sábháilteacht leanaí, príobháideacht agus cosaint sonraí. Beidh tacaíocht ar fáil freisin chun tacú le múinteoirí daltaí a threorú i leith na foghlama féinstiúrtha.</p>
<p>An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS/NCSE)</p>	<p>https://ncse.ie/teacher-resources</p> <p>https://ncse.ie/all-online-resources</p> <p>https://ncse.ie/wp-content/uploads/2020/06/Tips-for-Teachers-in-supporting-Pupil-Engagement-and-Motivation-during-Remote-Learning.pdf</p>	<p>Tá breac-chuntas de raon leathan acmhainní oiriúnacha do leanaí le riachtanais speisialta oideachais le fáil ar láithreán gréasáin na CNOS. Tá sraith acmhainní ar líne curtha ar fáil freisin, 'Getting back to what we know', chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais chasta acu agus iad ag filleadh ar scoil.</p>
<p>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM/NCCA)</p>	<p>https://ncca.ie/en/updates-and-events/back-to-school-lessons-to-support-student-wellbeing</p>	<p>Tá raon pleananna ceachta curtha le chéile ag an CNCM chun cabhrú le daltaí a bheith athghafa leis an scoil agus lena chéile; machnamh a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar a bhfolláine agus na scileanna, deartha agus meonta is gá don athghafacht rathúil leis an bhfoghlaim a fhorbairt.</p>

	<p>https://curriculumonline.ie/getmedia/3ac44a69-57f9-49ea-80db-ebec76831111/PLC-Support-Materials_All-Strands-Final.pdf</p> <p>https://ncca.ie/en/primary/primary-developments/early-years-of-primary</p> <p>https://www.aistearsiolta.ie/en/</p>	<p>Tá saintacaíochtaí do sholáthar an tsúgartha i ranganna na naíonán agus sna ranganna sóisearacha ar fáil tríd an bPacáiste Uirlisí Bunscoile sa rannóg ‘Ar fud na snáitheanna go léir’.</p> <p>Díríonn na podchraoltaí agus na físeáin sa chuid seo de láithreán gréasáin na CNCM ar shúgradh i seomra na naíonán.</p> <p>Tá raon acmhainní sa Treoirchleachtas <i>Aistear Síolta</i> chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí go 6 bliana d’aois. Beidh na hacmhainní áisiúil do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí araon.</p>
An Chomhaire um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)	<p>https://www.cogg.ie/en/resources/</p>	<p>Freastalaíonn An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus na nGaelscoileanna. Tá raon leathan acmhainní ar líne ar fáil ar nós rochtain ar leabhair dhigiteacha, físeáin agus áiseanna teagaisc. Tá tacaíocht á sholáthar ag COGG do TG4 le Cúla 4 ar Scoil a leanfaidh ar aghaidh i mí Mheán Fómhair; forbairt ‘Fí na Folláine’, leagan Gaeilge de ‘Weaving Wellbeing’ chun tacú le leanaí ag an am dúshlánach seo.</p>
<i>Scoilnet</i>	<p>www.scoilnet.ie</p>	<p>Tá fáil ar Scoilnet ar bhunachar sonraí breis agus 20,000+ acmhainn ar líne lena n-áirítear láithreáin ghréasáin, tráthanna na gceist, pleananna ceachta, nótaí, gearrthóga físeáin/fuaime, cluichí agus ilmheáin eile. Chun tacú tuilleadh leis an gciánfhoghlaim, is féidir Learning Paths a úsáid chun bailiúchán acmhainní atá le fáil ar Scoilnet a chruthú agus a eagrú.</p>
Na hIonaid Oideachais	<p>https://esci.ie/education-centres.html</p>	<p>Cuirtear tacaíocht ar fáil nuair a bhíonn braislí scoileanna áitiúla á</p>

		<p>n-eagrú chun tacú le daltaí nach féidir leo freastal ar scoil.</p> <p>Beidh siad i dteagmháil le scoileanna freisin don rochtain ar thacaíochtaí SFGM atá ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí chun tacú le daltaí nach féidir leo freastal ar scoil.</p> <p>Cuideoidh siad agus cuirfidh siad eolas ar fáil do scoileanna áitiúla atá ag obair le chéile chun an tacaíocht is fearr a sholáthar do dhaltaí nach féidir leo freastal ar scoil.</p>
Webwise	www.webwise.ie	<p>Is féidir comhairle, eolas agus acmhainní a rochtain a dhéanann iniúchadh ar raon saincheisteanna agus imní bainteach le sábháilteacht idirlín.</p>

Aguisín 1: Samplaí de sholáthar oideachas oiriúnaithe chun tacú le daltaí nach féidir leo freastal ar scoil

Sampla 1

Tá sé tugtha le fios do na múinteoirí i scoil tuaithe triúr múinteoirí go bhfuil beirt dhaltaí a mbeidh soláthar oideachais oiriúnaithe de dhíth orthu toisc go bhfuil siad in an-ardriosca ag COVID-19 agus nach féidir leo filleadh ar scoil: Máire sna naíonáin shinsearacha, agus Séamus i rang a sé. Tá teastas faighte freisin do dhuine de na múinteoirí ar an bhfoireann ag tabhairt le fios go bhfuil sí in-ardriosca ag COVID-19 agus gur gá di oibriú ón mbaile. Tá an múinteoir seo ainmnithe chun cianteagasc agus cianfhoghlaim a éascú do Shéamus agus do Mháire, mar aon le daltaí eile sa bhraisle scoile áitiúil bunaithe d'fhonn múinteoir ionaid a roinnt do laethanta scaoilte na bpríomhoidí.

Bhí cruinniú ag an múinteoir ranga sinsearach le tuismitheoirí Shéamuis agus tugadh le fios go mbeidh Séamus lena sheantuismitheoirí i rith an lae scoile fad a bhíonn na tuismitheoirí ag obair, go bhfuil a ríomhaire glúine féin aige agus go bhfuil sé sásta leanúint ar aghaidh ag foghlaim le linn uaireanta scoile. Tá sé beartaithe ag an múinteoir ranga a pleananna gearrthéarmacha a chur ar fáil roimh ré, gach coicís, don mhúinteoir ainmnithe agus tá comhráite gutháin seachtainiúla eagraithe acu chun dul chun cinn agus aon cheisteanna ar leith a eascraíonn a phlé. Tá sé beartaithe ag an múinteoir ainmnithe Google Classroom a úsáid chun gearrthóga físe agus fuaime de na príomhphointí teagaisc a uaslódáil mar aon le teoracha do na gníomhaíochtaí foghlama atá le déanamh sa bhaile, de réir phleananna an mhúinteora ranga. Tá glao físchomhdhála seachtainiúil beartaithe ag an múinteoir ainmnithe agus an múinteoir ranga gach ttáthnóna Déardaoin d'fhonn teagmháil Shéamuis lena phiaraí a eascú. Beidh comhrá agus plé neamhfhoirmiúil mar chuid den ghlaó seo gach seachtain mar aon le hobair i ngrupaí ar bhonn níos foirmiúla agus comhroinnt faoi fhoghlaim na seachtaine mar is iomchuí. Tabharfaidh sé seo deis do Shéamus a bheith ag obair ón mbaile i rith an lae scoile agus mothú teagmhála a staonadh lena rang.

Nuair a chas múinteoir na naíonán le tuismitheoirí Mháire, bhí an-imní orthu nach mbeadh ar a cumas mórán a dhéanamh i rith an lae mar go mbeidh sí faoi chúram an fheighlí linbh agus go mb'fhearr lena tuismitheoirí go mbeidís féin ag obair léi. Tháinig an múinteoir ranga agus tuismitheoirí Mháire ar chomhaontú go n-úsáidfidh an múinteoir ainmnithe Seesaw chun físeáin ghearra de phríomhphointí teagaisc, mar aon leis na tascanna foghlama ábhartha atá á ndéanamh ag comhscoláirí Mháire ar scoil, a chur abhaile toisc gur é seo an t-ardán a bhí in úsáid acu le linn dhúnadh na scoile a tharla cheana. Tá pacáiste ábhar eagraithe ag an múinteoir ranga ar féidir le Máire a úsáid sa bhaile chun cabhrú léi a scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt, agus tá treoir tugtha dá tuismitheoirí faoin tslí leis na scileanna seo a fhorbairt trí shúgradh. Tá sé beartaithe go n-eagróidh an feighlí linbh glao físchomhdhála uair amháin in aghaidh na seachtaine le linn am scéalaíochta ionas go mbeidh an deis ag Máire teagmháil a dhéanamh lena piaraí athuair.

Cuirfidh an múinteoir ainmnithe aiseolas ar fáil do Shéamus agus do Mháire ar an obair atá déanta mar aon le tuairisciú do na múinteoirí ranga ar an dul chun cinn atá déanta acu.

Sampla 2

I scoil uirbeach le 15 múinteoir, thug tuismitheoirí seachtar dalta le fios don fhoireann go mbeidh soláthar oideachais oiriúnaithe de dhíth ar na daltaí sin toisc go bhfuil siad in an-ardriosca ag COVID-19. Tá riachtanais speisialta oideachais ag triúr de na daltaí freisin. Rinne an scoil teagmháil leis an ionad oideachais áitiúil agus rinneadh na daltaí a mheaitseáil le múinteoir ó scoil eile sa cheantar atá ag obair ón mbaile agus atá in an-ardriosca ag COVID-19. Is é seo an múinteoir seo a dhéanfaidh soláthar oideachais oiriúnaithe a éascú do na daltaí seo. Tionóladh cruinnithe idir na múinteoirí ranga, na múinteoirí ROS, an múinteoir ainmnithe agus na tuismitheoirí, agus fiosraíodh trí shuirbhé cén fáil a bhí ar ghléasanna agus ar an leathanbhanda. Tá an deontas TFC úsáidte ag an scoil chun ríomhairí glúine breise a cheannach do bheirt dalta, mar aon le dangal le rochtain idirlín réamhíochta do dhalta amháin nach bhfuil rochtain idirlín aici sa bhaile.

Roinneann na múinteoirí ranga a bpleananna coicíse leis an múinteoir ainmnithe, a bhfuil sonraí agus spriocanna ábhartha tugtha dóibh freisin ó chomhaid tacaíochta na ndaltaí le RSO. Ansin úsáideann an múinteoir ainmnithe Google classroom chun dul i dteagmháil leis na daltaí. Cuireann sé ábhair ghearra fuaime agus físe, cuir i láthair PowerPoint agus acmhainní teagaisc ábhartha eile ar fáil mar ionchur teagaisc do na daltaí, agus ag amanna éagsúla i rith na seachtaine, éascaíonn sé físchomhdháil i gcomhpháirt leis na múinteoirí ranga idir na daltaí agus a gcomhscoláirí ranga chun mothú teagmhála a chothú agus chun tacú le hailíniú an teagaisc agus na foghlama. Cuireann sé aiseolas ar a bhfoghlaim ar fáil go minic freisin do na daltaí, mar aon le teagmháil a dhéanamh leis na múinteoirí ranga agus leis na MOS faoi dhul chun cinn na ndaltaí. I rang amháin, bíonn an múinteoir ranga ag taifead agus í ag scríobh ar an gclár bán idirghníomhach trí úsáid a bhaint as Screencastify, agus déantar na gearrthóga seo a uaslódáil freisin ionas gur féidir leis an dalta ranga iad a rochtain. Tá na múinteoirí uile atá páirteach, an múinteoir ainmnithe san áireamh, chun oiliúint a fháil ar Google classroom, agus tá sé i gceist acu Google Docs agus Google Slides a úsáid roimh dheireadh mhí Mheán Fómhair chun foghlaim chomhoibríteach agus obair thionscadail a éascú idir na daltaí sa bhaile agus a gcomhscoláirí sa seomra ranga. Tá ball foirne amháin a léiríonn spéis mhór i TFC, ach nach bhfuil páirteach sa soláthar oideachais oiriúnaithe, ag cur tacaíochta theicniúil ar fáil go deonach de réir mar is gá le linn tréimhse an tsoláthair oiriúnaithe.

Sampla 3

I scoil uirbeach ina bhfuil rang speisialta do dhaltaí le Neamhord ar Speictream an Uathachais (ASD), cuireadh in iúl don múinteoir ranga speisialta, i gcomhairle le tuismitheoirí agus le foireann ceannaireachta na scoile, faoi bheirt dhaltaí a bhfuil riachtanais mhíochaine casta acu agus atá in an-ardriosca ag COVID-19 agus go mbeidh gá acu le soláthar oideachais oiriúnaithe. Sular dhún an scoil, bhí eispéireas rathúil den imeascadh agus den imeascadh ar gcúl ag an mbeirt le ranganna príomhshrutha agus lena gcomhscoláirí, ach iad fós lonnaithe sa rang ASD. Bhí sé i gceist go leanfadh Hanna, atá naoi mbliana d'aois, lena heispéiris foghlama imeasctha le rang a

trí agus bhí Pól, atá dhá bhliain déag d'aois, le leanúint lena eispéiris foghlama imeasctha le rang a sé.

Thionóil an múinteoir ranga ASD cruinnithe aonair ar líne le tuismitheoirí na leanaí, leis na múinteoirí ranga ábhartha, leis an gCúntóir Riachtanas Speisialta (CRS) agus leis na daltaí. Bealach tábhachtach a bhí anseo d'fhoireann na scoile chun teagmháil a bheith acu athuair leis na leanaí agus lena dtuismitheoirí araon. Bhain na múinteoirí úsáid as amharc scéal sóisialta lena mhíniú conas mar a bheadh an múinteoir ranga ASD agus na múinteoirí ranga príomhshrutha ag tacú leis na leanaí agus iad ag foghlaim ón mbaile.

Rinne an múinteoir ranga ASD cruinnithe a thionól leis na múinteoirí ranga ábhartha chun plé a dhéanamh ar an tslí ina bhféadfaí rogha tascanna agus gníomhaíochtaí a thabhairt do na daltaí (ag baint úsáid as ábhair físe chun cuidiú le tuiscint agus próiseáil) tascanna agus gníomhaíochtaí a d'fhéadfaidís a dhéanamh go rathúil i gcomhpháirt lena bpiaraí agus iad ag tógáil ar a láidreachtaí. Bhí plé acu freisin faoin tslí ina bhféadfaí raon tascanna foghlama oiriúnacha agus bríomhara a dhifreáil, laistigh de na ranganna príomhshrutha, chun freastal ar riachtanais na ndaltaí agus a bhfoghlaim a chur chun cinn. Phléigh siad na hacmhainní digiteacha a bhfuil fáil ag na leanaí orthu sa bhaile agus na hábhair bhreise a d'fhéadfaidís an scoil a chur ar fáil don bhaile chun tacú le foghlaim na leanaí, lena n-áirítear pacáistí d'ábhair chéadfacha agus gluaiseachta chun tacú leis na leanaí sosanna compordacha a bheith acu ó ghníomhaíochtaí foghlama.

Rinne na múinteoirí na spriocanna ó na pleananna Tacaíochta do Dhaltaí 2019-20 a athbhreithniú agus rinne siad machnamh ar a láidreachtaí agus a réimsí spéise, na spriocanna féideartha do na daltaí agus na straitéisí a chuideodh leo na spriocanna sin a bhaint amach sa bhaile. Rinne siad athbhreithniú freisin ar an taifead ar dhul chun cinn a chuir na múinteoirí a thacaigh leis na daltaí i gClár Soláthair Samhraidh 2020 chuig an scoil. Mar phointe deiridh, bhí plé ag na múinteoirí freisin faoin tslí ina bhféadfaidís na tuismitheoirí na leanaí a ullmhú do na heispéiris foghlama sa téarma nua trí dhréacht-sceideal/amchlár foghlama a mheas i dteannta a chéile, trí amharc-fhéilire a úsáid chun cuidiú leis na daltaí leis an gcomhaireamh i dtreo na scolaíochta, trí ghnáthaimh agus amhairc-sceidil a chruthú don bhaile, agus trí straitéisí a úsáid chun cuidiú leis na daltaí a mothúcháin agus a n-iompar a bhainistiú agus a rialáil.

Sampla 4

I scoil speisialta do leanaí le deacrachtaí foghlama measartha agus trom, cuireadh in iúl don fhoireann bainistíochta sinsearaí faoi roinnt leanaí an-ardriosca ag COVID-19 nach mbeidh ag filleadh ar scoil. Nuair a bhí na scoileanna dúnta, d'fhan an fhoireann i dteagmháil leis na daltaí go léir trína dtuismitheoirí agus rinneadh deireadh na bliana a cheiliúradh leo le tionól fíorúil. Tá uathachas, deacrachtaí foghlama agus titimeas mar dhúshláin ag Cathal atá 14 bliana d'aois. Tá sé réamh-bhriathartha agus úsáideann sé teicneolaíocht chúnta chun a riachtanais agus a mhianta a chur in iúl. Is breá le Cathal an scoil agus tá caidreamh den scoth aige lena mhúinteoir. Nuair a bhí an scoil dúnta, chuir a thuismitheoirí in iúl go raibh sé ag streachailt leis an easpa gnáthamh scoile agus le gníomhaíochtaí eile. Chruthaigh an frustrachas seo iompar diúltach ó Chathal, ar nós ballaí a chiceáil, béicil agus seilí a chaitheamh ar a thuismitheoirí agus a shiblí.

Tionóladh cruinniú fíorúil leis an bhfoireann ildisciplíneach chun cuidiú le Cathal agus lena thuismitheoirí na hiompraíochtaí a bhainistiú agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí baile a chuideodh le suaimhniú agus rialú. I measc na straitéisí bhí amharc-amchlár do ghníomhaíochtaí baile ionas go dtuigfeadh Cathal cad a bhí le tarlú agus cathain a tharlódh siad, an soláthar ar ghníomhaíochtaí doimhne matán don suaimhniú agus don rialú, cluichí spreagtha a chruthaíonn a mhúinteoir bunaithe ar a réimse spéise i scannáin Toy Story, mar aon le bogearraí cúnamh teicneolaíochta Proloquo2Go agus táibléad.

Aguisín 2: Seicliosta chun ullmhú don soláthar oideachais oiriúnaithe

Is féidir an seicliosta roghnach seo a leanas a úsáid mar threoir do mhúinteoirí agus do phríomhoidí agus iad ag ullmhú don soláthar oideachais oiriúnaithe. Is cóir do mhúinteoirí na cáipéisí ullmhúcháin atá ann cheana a úsáid mar threoir agus mar thaca don soláthar oideachais oiriúnaithe trí ábhar agus modheolaíochtaí a dhifreáil do dhaltaí. Is féidir cáipéisí gearrthéarma a oiriúnú chun tacú leis an bpróiseas seo.

Ainm an dalta	
Rang	
Múinteoir(i) atá páirteach	
Ceisteanna	Nótaí
An raibh comhrá ag an scoil leis an dalta agus a t(h)uismitheoirí/caomhnóirí faoin tslí ina bhfeidhmeoidh an t-oideachas baile-bhunaithe?	
An bhfuil dréacht-amchlár ullmhaithe a chuimsíonn: <ul style="list-style-type: none"> • Soláthar laethúil ar ionchur teagaisc agus eispéiris foghlama • Soláthar chun an dalta a bheith ag idirghníomhú leis an múinteoir ranga nó an MOS agus le daltaí eile, go seachtainiúil nó níos minice ná sin • Tascanna ar féidir iad a dhéanamh go neamhspleách • Tascanna ar féidir iad a dhéanamh i gcomhpháirt le píaraí 	
Cén trealamh, cláir nó acmhainní, lena n-áirítear acmhainní digiteacha, atá ar fáil don dalta sa timpeallacht baile?	

<p>Cén trealamh, cláir nó acmhainní ar féidir leis an scoil a sholáthar chun tacú leis an bhfoghlaim sa timpeallacht baile?</p>	
<p>Ar aontaíodh ardán digiteach oiriúnach leis an dalta agus na tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an múinteoir ainmnithe, agus an bhfuil na daoine sin go léir sách oilte chun an t-ardán seo a úsáid?</p>	
<p>An bhfuil plean i bhfeidhm chun scileanna an mhúinteora, an dalta, na dtuismitheoirí/caomhnóirí a fhorbairt chun leanúnachas na foghlama a dheimhniú gan aon ró-mhoill nó ró-dheacracht?</p>	
<p>Cé na tacaíochtaí is féidir leis na tuismitheoirí a sholáthar sa bhaile, agus conas mar is féidir leis an scoil a chinntiú go bhfuil na hacmhainní ag na tuismitheoirí chun an tacaíocht seo a sholáthar?</p>	
<p>Cé na socrúithe monatóireachta agus athbhreithnithe is féidir a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn an soláthar ag freastal ar riachtanais an dalta?</p>	
<p>An bhfuil plean curtha i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar na polasaithe ábhartha go léir agus, más gá, iad a uasdátú don soláthar oideachais oiriúnaithe, lena n-áirítear an Polasaí um Úsáid Inghlactha, Cosaint Sonraí, Cód Iompair, Frithbhulaíocht agus an Ráiteas um Chosaint Leanaí, agus ar cuireadh in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí fúthu seo?</p>	